NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11002 – BDT CAPITAL PARTNERS / M+W GROUP / EXYTE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 60/16)

1. An 3 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BDT Capital Partners, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá) ("BDT Capital Partners"),

— M+W Group GmbH (an Ghearmáin) ("M+W"),

— Exyte GmbH (an Ghearmáin) ("Exyte"), atá faoi rialú M+W.

Faigheann BDT Capital Partners agus M+W rialú comhpháirteach ar Exyte de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Tá Exyte faoi rialú aonair M+W faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc marsantach é BDT Capital Partners a bhfuil ceanncheathrú dó i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Déanann BDT speisialtóireacht in infheistíochtaí i ngnólachtaí atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus faoi stiúir bunaitheoirí. Faoi láthair tá 22 chuideachta phunainne rialaithe aige atá gníomhach i níos mó ná 150 tír,

— Is cuideachta innealtóireachta agus tógála é m+W atá gníomhach i dtionscadail fuinnimh,

— Is cuideachta idirnáisiúnta é Exyte i réimse an dheartha, na hinnealtóireachta, an tsoláthair agus na tógála i dtimpeallachtaí rialaithe. Tá Exyte ag freastal ar chliaint i margaí ar nós leathsheoltóirí, ceallraí, cógaisíocht, biteicneolaíocht, agus ionaid sonraí. Tá Exyte gníomhach i níos mó ná 20 tír ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11002 – BDT CAPITAL PARTNERS / M+W GROUP / EXYTE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË